C/2026/4242

29.7.2026

**Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1877 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1880 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

(C/2026/4242)

Dírítear aird Sebastien UWIMBABAZI, Muhammed LUMISA agus TWIRWANEHO, ar daoine agus eintiteas iad a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1877 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1880 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Chinn Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, na daoine agus an t-eintiteas sin a chur le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh na daoine agus an t-eintiteas thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a chumhdaítear leis na bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Tá na hinsintí is bun leis na liostuithe sin sna hiontrálacha ábhartha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 agus tá siad ar fáil freisin ag: Security Council 1533 Sanctions Committee Adds Six Individuals and Two Entities to Its Sanctions List | UN Meetings Coverage and Press Releases.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, chun údarú a fháil le cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó chun cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní iad atá riachtanach chun bunriachtanais a chomhlíonadh nó atá beartaithe le haghaidh íocaíochtaí sonracha (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Focal Point for De-listing
Security Council Subsidiary Organs Branch
Room DC2 2034
United Nations
New York, N.Y. 10017
Stáit Aontaithe Mheiriceá
Teil.: +1 917 367 9448
Facs: +1 212 963 1300
R-phost: delisting@un.org

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/788/oj.
([2]) IO L, 2026/1877, 28.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1877/oj.
([3]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1183/oj.
([4]) IO L, 2026/1880, 28.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1880/oj.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/delisting/delisting-requests

Aon bharúlacha ba mhian leis na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann a chur faoi bhráid na Comhairle, ba cheart iad a chur chuig an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir agóid a thabhairt in aghaidh a n-ainmnithe os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.